An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

# Glaoch ar Aighneachtaí faoi Rialacháin agus Creat Feabhsúcháin Cáilíochta do Chúram Leanaí ar Aois Scoile

**Bealtaine 2019**

**Glaoch ar Aighneachtaí**

Tá aighneachtaí á lorg ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) maidir le rialacháin nua agus creat feabhsúcháin cáilíochta do Chúram Leanaí ar Aois Scoile, chun bonn eolais a chur faoi obair RLGÓ sa réimse seo.

**Cúlra**

- Sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Cúram Leanaí ar Aois Scoile (2017), moladh go bhforbrófaí sraith chuimsitheach de chaighdeáin cháilíochta le haghaidh Cúram Leanaí ar Aois Scoile. Moladh chomh maith go dtabharfaí isteach córas láidir dearbhaithe cáilíochta do sheirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile le rialáil reachtúil, cosúil leis an rialáil a chuireann Cigireacht na Luathbhlianta in Tusla ar fáil. Moladh sa Phlean Gníomhaíochta go ndéanfaí machnamh ar rialáil reachtúil níos faide anonn.
- Tar éis fhoilsiú an Phlean Gníomhaíochta, chuaigh Grúpa Oibre Caighdeán i mbun oibre agus d'fhorbair siad dréacht-Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta le haghaidh seirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile atá ionad-bhunaithe. Sa dréacht-doiciméad seo, tá moltaí a bhaineann le prionsabail, caighdeáin, comhpháirteanna, gnéithe agus eolas úsáideach eile. Ceapadh go ndéanfaí an doiciméad seo a fhoilsiú agus go mbeadh seirbhísí in ann obair i dtreo na gcaighdeán seo agus, le linn na tréimhse sin, go ndéanfaí na rialacháin a fhorbairt.
- Tá an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí le tabhairt isteach agus, mar gheall air sin, bhí gá le hathrú ar ord na ngníomh a leagadh amach sa Phlean Gníomhaíochta. Chun go mbeidh seirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile in ann páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ón tús, bhí sé riachtanach Rialacháin tosaigh a thabhairt isteach roimh thús na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí i bhfómhar 2019. Tugadh Rialacháin Tosaigh isteach do Chúram Leanaí ar Aois Scoile ('Rialacháin Chlárúcháin') agus cuireadh i bhfeidhm iad i mí Feabhra 2019.
- Tá sé i gceist ag RLGÓ rialacháin chuimsitheacha a fhorbairt (chun cur in áit na rialacháin tosaigh in am trátha) chomh maith le creat feabhsúcháin cáilíochta don earnáil Cúraim Leanaí ar Aois Scoile. Beidh na forbairtí seo oiriúnach don réimse leathan seirbhísí a chuireann Cúram Leanaí ar Aois Scoile ar fáil, lena n-áirítear an méid seo a leanas: seirbhísí príobháideacha agus pobail; seirbhísí atá ionad-bhunaithe agus baile-bhunaithe (feighlí leanaí); seirbhísí a fheidhmíonn ar áitreabh scoile agus seirbhísí nach fheidhmíonn ar áitreabh scoile; seirbhísí a chuireann cúram ar aois scoile amháin ar fáil agus seirbhísí a chuireann luathfhoghlaim agus cúram ar fáil freisin. Nuair a bhfaighimid freagraí ar an nglaoch oscailte seo, bainfear úsáid astu chun obair RLGÓ a threorú, chomh maith le suirbhé ar líne agus comhairliúchán a rinneadh le leanaí in 2016 nuair a bhí an Plean Gníomhaíochta maidir le Cúram Leanaí ar Aois Scoile á ullmhú.
- Is féidir le daoine aonair agus eagraíochtaí a bhfuil suim acu i seirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile aighneacht a dhéanamh tríd an fhoirm chomhlánaithe le ceangaltáin ábhartha a chur chuig SACQuality@dcya.gov.ie faoi Dé hAoine 5ú Iúil ag 17:00.

**Céard atá i gceist againn le Cúram Leanaí ar Aois Scoile?**

Is é an sainmhíniú atá ar Chúram Leanaí ar Aois Scoile ná seirbhís do leanaí ar aois scoile ó 4 go 15 bliana d'aois a fheidhmíonn lasmuigh d'uaireanta scoile, agus is é **príomhchuspóir** na seirbhíse cúram a thabhairt do leanaí nuair nach bhfuil a dtuismitheoirí ar fáil. Faoin Acht um Chúram Leanaí 1991 (arna leasú leis an Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018), **eisiatar** ón sainmhíniú seo seirbhísí a chuireann gníomhaíochtaí ar fáil a bhaineann leis na réimsí seo a leanas amháin -

1. Na hEalaíona.
2. Obair don Aos Óg.
3. Spórt iomaíoch nó mar chaitheamh aimsire.

4. Teagasc.
5. Múineadh creidimh.

Laistigh den sainmhíniú dlí seo, is féidir le seirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile a bheith ag feidhmiú roimh uaireanta scoile, tar éis uaireanta scoile, nó le linn laethanta saoire scoile.

**Scóip den ghlaoch ar aighneachtaí**

Tá aighneachtaí á lorg ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí a bhfuil suim acu i gCúram Leanaí ar Aois Scoile maidir leis an méid seo a leanas:

1. Rialacháin chuimsitheacha nua do Chúram Leanaí ar Aois Scoile
2. Creat náisiúnta cáilíochta a fhorbairt le haghaidh seirbhísí Cúraim Leanaí ar Aois Scoile

Tá spéis faoi leith ag RLGÓ i dtuairimí a fháil faoi na ceisteanna seo a leanas. Ní gá duit na ceisteanna ar fad a fhreagairt. Is cuma faoi líon na gceisteanna a fhreagróidh tú, tabhair freagra don oiread ceisteanna is fearr leat.

<u>Ginearálta</u>

- An bhfáiltíonn tú roimh rialacháin a thabhairt isteach le haghaidh Cúram Leanaí ar Aois Scoile?
- Cad é do thuairim faoi na rialacháin tosaigh a cuireadh tús leo i mí Feabhra 2019?
- An gceapann tú gur chóir an cur chuige atá i Luathfhoghlaim agus Cúram a leanúint le haghaidh Cúraim Leanaí ar Aois Scoile, le Creat Cáilíochta Náisiúnta (Síolta), Rialacháin chuimsitheacha agus Creat Rialála agus Cáilíochta (mar threoir do na rialacháin)?

<u>Rialacháin</u>

- Cad iad na comhpháirteanna agus na gnéithe atá sa doiciméid dréacht-Chaighdeán (le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne) ar chóir a bheith ordaithe sa Rialacháin mar **cheanglais íosta**?
- Cad iad na ceanglais íosta maidir le cáilíochtaí, dar leat, ar chóir a bheith ann do bhaill fhoirne a oibríonn le leanaí i gCúram Leanaí ar Aois Scoile?
    - Cad é an leibhéal íosta cáilíochta, dar leat, ar chóir a bheith ag ball foirne?
    - An dóigh leat gur chóir go mbeadh ceanglas ar cheannairí seomra cáilíocht a bheith acu atá ag leibhéal níos airde ná an leibhéal íosta?
    - Cad iad na cáilíochtaí/disciplíní ar chóir a bheith inghlactha chun obair i gCúram Leanaí ar Aois Scoile?
- Cad é an cóimheas íosta/uasta idir daoine fásta agus leanaí[1], méid an ghrúpa[2], spás urláir glan[3] agus spás amuigh faoin aer ar chóir a bheith ann, dar leat?
- An gceapann tú gur chóir go mbeadh ceanglais scoilte ann bunaithe ar raonta aoise na leanaí (e.g. 4 bliana - 8 mbliana, 9 mbliana - 14 bliana) le haghaidh roinnt áirithe rialachán? Má cheapann tú gur chóir, cén rialacháin?
- Cad iad na ceanglais ar chóir a bheith i bhfeidhm, dar leat, maidir le háitribh agus timpeallacht na seirbhíse (laistigh/lasmuigh)?
- An bhfuil gá le ceanglas maidir le soláthar bia agus, má tá, cén cineál ceanglais ar chóir a bheith ann?
    - Roimh scoil?
    - Tar éis scoile?
- Cad iad na polasaithe agus na nósanna imeachta ar chóir a bheith ina gceanglais ar sholáthróirí seirbhíse chun comhlíonadh rialála a bhaint amach? Mar shampla:

[1] Sna rialacháin atá ann faoi láthair, socraítear an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí ag 1:12.
[2] I suímh Luathfhoghlama agus Cúraim, is é 22 leanbh uasmhéid an ghrúpa do chúram seisiúnach.
[3] I suímh Luathfhoghlama agus Cúraim, tá sin socraithe ag 2.3 mhéadar cearnach don raon aoise 3-6 bliana.

- ráiteas um chumhdach leanaí
- polasaí maidir le bainistíocht iompraíochta
- polasaí maidir le gearáin
- polasaí maidir le riarachán leighis
- polasaí maidir le rialú ionfhabhtuithe
- polasaí maidir le leanaí a fhágáil ag an seirbhís agus iad a bhailiú
- polasaí maidir le sábháilteacht dóiteáin
- polasaí maidir le hiontrálacha agus táillí
- polasaí maidir le hobair bhaile
- polasaí maidir le hacmhainní daonna
- polasaí maidir le fóin phóca
- polasaí frithbhulaíochta
- polasaí maidir le hithe sláintiúil
- polasaí maidir le turais
- polasaí maidir le súgradh, caitheamh aimsire agus scíth
- eile - luaigh é go sonrach, le do thoil

<u>Caighdeáin</u>

- Céard a cheapann tú faoi na Dréacht-Chaighdeáin, a foilsíodh leis an suirbhé seo? (ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne)
- Cad iad na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ar na Dréacht-Chaighdeáin do chineálacha éagsúla soláthróirí, e.g.
    - Seirbhísí ionad-bhunaithe agus baile-bhunaithe (feighlí leanaí);
    - Seirbhísí a fheidhmíonn ar áitreabh scoile agus seirbhísí nach fheidhmíonn ar áitreabh scoile;
    - Seirbhísí a chuireann cúram leanaí ar aois scoile amháin ar fáil agus seirbhísí a chuireann luathfhoghlaim agus cúram ar fáil freisin;
    - Seirbhísí a thugann aire do leanaí roimh scoil, tar éis ecoile agus le linn laethanta saoire ón scoil?

Ní liosta iomlán é seo ach tá sé curtha ar fáil díreach chun freagraí a spreagadh. Cuireann RLGÓ fáilte roimh aon eolas eile atá ábhartha i do thuairim.

Tá an doiciméad dréacht-chaighdeán agus na Rialacháin tosaigh ar fáil ar shuíomh gréasáin RLGÓ.

**Próiseas**

Chun aighneacht a dhéanamh, cuir an fhoirm aighneachta comhlánaithe agus aon ábhair a bhaineann léi eile chuig SACQuality@dcya.gov.ie faoi Dé hAoine 5ú Iúil ag 17:00.

Cuir d'ainm, eagraíocht (más ann), seoladh, uimhir fóin agus seoladh ríomhphoist ar d'aighneacht, le do thoil.

Ná scríobh thar 1,000 focal ar d'aighneacht, le do thoil.

Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha.

Tá aighneachtaí faoi réir reachtaíocht Saorála Faisnéise, agus seans go scaoilfear é i bhfreagra d'iarratais Shaorála Faisnéise.

Féadfaidh RLGÓ teagmháil a dhéanamh le daoine nó eagraíochtaí maidir lena n-aighneachtaí le haghaidh tuilleadh plé.

Má dhéanann tú aighneacht, aontaíonn tú go bhfuil sé de cheart ag RLGÓ cuid de d'aighneacht, nó d'aighneacht ar fad, a fhoilsiú.